# Scoileanna Ildánacha 2025

Treoirlínte d’Iarratasóirí

**Spriocdháta: 5.30 i.n. (am na hÉireann), Déardaoin, an 8 Bealtaine 2025**

Caithfidh cuntas **Seirbhísí ar Líne** (OLS) a bheith ag do scoil/ionad chun rochtain a fháil ar an bhfoirm iarratais agus iarratas a dhéanamh.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi OLS a úsáid ar an leathanach Ceisteanna Coitianta seo.

Tabhair neart ama duit féin roimh an spriocdháta chun cuntas a chruthú. D'fhéadfadh sé suas le cúig lá oibre a thógáil dúinn chun do chuntas a chlárú.

Ní féidir linn deimhniú a thabhairt go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla agat a réiteach, sa chás go mbíonn tú i dteagmháil linn **tar éis 2.00 i.n. ar lá an spriocdháta**.

Molaimid duit d'iarratas a uaslódáil **dhá lá** roimh an spriocdháta. Tugann sé seo am duit aon saincheisteanna teicniúla a d'fhéadfá a bheith agat a réiteach.

Má tá riachtanais rochtana a bhaineann le míchumas agat, is féidir linn tacú leat le d’iarratas.

Déan teagmháil lenár bhfoireann Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas ach ríomhphost a sheoladh chuig disabilityaccess@artscouncil.ie chomh luath agus is féidir i do phróiseas iarratais.

# CLÁR

**CLÁR** 2

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 3

**1. Eolas faoi Scoileanna Ildánacha** 4

1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí Scoileanna Ildánacha 4

1.2 Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar Scoileanna Ildánacha? 4

1.3 Cé nach bhfuil incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar Scoileanna Ildánacha? 5

1.4 Cé hé an t-iarratasóir ar Scoileanna Ildánacha? 5

1.5 Cad é a bhfuil do scoil/ionad ag déanamh iarratais air? 5

1.6 Cad iad na gealltanais a chaithfidh scoileanna/ionaid rannpháirteacha a dhéanamh? 7

**2. D'iarratas a dhéanamh** 9

**2.1 Cláraigh le córas Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon** 9

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 10

2.3 D'iarratas a dhéanamh ar líne 12

**3. Aguisín: Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** 14

3.1 Forbhreathnú 14

3.2 An próiseas measúnaithe 14

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú 14

3.4 Próiseas scórála 15

3.5 An cruinniú cinnteoireachta 16

3.6 Toradh na n-iarratas 17

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne (OLS) a úsáid, is féidir leat dul chuig rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist sna Ceisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar

- **01 618 0200**
- **01 618 0243**

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: https://www.youtube.com/watch?v=-a3xeZdZj3oh

Má tá ceist agat faoi d'iarratas nach ceist theicniúil í, déan teagmháil le foireann na Scoileanna Ildánacha sa Chomhairle Ealaíon ag creativeschools@artscouncil.ie nó ag 01-6180200

Liosta teagmhálaithe foirne

Scoileanna Ildánacha | An Chomhairle Ealaíon

# 1. Eolas faoi Scoileanna Ildánacha

Tionscnamh suaitheanta is ea Scoileanna Ildánacha den chlár Éire Ildánach chun poitéinseal na cruthaitheachta i ngach leanbh a chumasú. Tá an Chomhairle Ealaíon i gceannas ar Scoileanna Ildánacha i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Is cuid thábhachtach de straitéis na Comhairle Ealaíon í Scoileanna Ildánacha chun pleanáil agus soláthar a dhéanamh do leanaí agus daoine óga (https://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion//).

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí Scoileanna Ildánacha

Tacaíonn Scoileanna Ildánacha le scoileanna agus le hionaid Ógtheagmhála chun na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na leanaí agus na ndaoine óga.

Is é a chuspóirí ná tacú le scoileanna agus le hionaid Ógtheagmhála:

- Leanaí agus daoine óga a chumasú le gníomhaíochtaí ealaíon agus cruthaitheacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas ar fud a gcuid scoileanna/ionad.
- Bealaí oibre nua a spreagadh lena neartaítear tionchar na cruthaitheachta ar chumas foghlama, ar fhorbairt, agus ar fholláine leanaí agus daoine óga.
- Deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga scileanna ealaíne agus cruthaitheacha a thógáil, mar shampla fiosracht, samhlaíocht, diongbháilteacht, cumarsáid agus comhoibriú.

### Modh na Scoileanna Ildánacha: Aistear treoraithe thar dhá bhliain

- Sanntar Comhlach Cruthaitheach do gach scoil/ionad rannpháirteach.
- Oibríonn an Comhlach Cruthaitheach leis an scoil/ionad chun anailís a dhéanamh ar an rannpháirteachas atá acu faoi láthair leis na healaíona agus leis an gcruthaitheacht. Is comhrá uile scoile é seo.
- Spreagann an Comhlach Cruthaitheach pobal na scoile chun bealaí cruthaitheacha a úsáid chun gach duine a mhealladh sa phróiseas seo.
- Agus an anailís seo agus comhthuiscint mar bhonn eolais acu, cruthaíonn pobal na scoile Plean Scoileanna Ildánacha atá uathúil dá scoil/ionad féin.
- Sainaithneoidh gach scoil Comhordaitheoir Scoile, a oibreoidh go dlúth leis an gComhlach Cruthaitheach chun rannpháirtíocht na scoile uile a chinntiú agus chun a chinntiú go leabaítear riachtanais na scoile ann, chomh maith leis an méid a chuireann an scoil leis an bpróiseas. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tacaíocht bhainistíochta ag an gComhordaitheoir Scoile ionas gur féidir an clár a fhorbairt.

## 1.2 Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar Scoileanna Ildánacha?

Gach bunscoil agus iar-bhunscoil, agus Scoil Speisialta atá aitheanta ag an Roinn Oideachais mar aon le hionaid Ógtheagmhála sa Scéim Oideachais Saor in Aisce **nach raibh** páirteach i mbabhta de Scoileanna Ildánacha roimhe seo.

### Nóta faoi Thionscnamh na gCnuasach Ildánacha

Is tionscnamh é Cnuasaigh Ildánacha de chuid na Roinne Oideachais, faoi cheannas agus i gcomhpháirtíocht le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI). Tá na Cnuasaigh Ildánacha á maoiniú trí Chiste Sármhaitheasa Scoileanna.

Cé nach féidir le scoileanna/ionaid páirt a ghlacadh i Scoileanna Ildánacha agus Cnuasaigh Ildánacha ag an am céanna, is féidir leo iarratas a dhéanamh orthu sa bhliain chéanna. Fágann sé sin nach mór do scoileanna/ionaid a chuireann isteach ar an dá thionscnamh tairiscint ó Scoileanna Ildánacha 2025 **nó** tairiscint ó Chnuasaigh Ildánacha 2025 a roghnú má éiríonn leis an dá iarratas.

## 1.3 Cé nach bhfuil incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar Scoileanna Ildánacha?

- Scoileanna/ionaid a ghlac páirt i mbabhta de Scoileanna Ildánacha roimhe seo.
- Níl naíolanna, grúpaí súgartha, réamhscoileanna, Aonaid Tús Luath agus naíonraí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar Scoileanna Ildánacha.

## 1.4 Cé hé an t-iarratasóir ar Scoileanna Ildánacha?

Is é **an scoil/ ionad** ná an t-iarratasóir.

Bain úsáid as ainm do scoile/ionaid a úsáidtear ar an gcuntas bainc agus i gcás sonraí cánach. Ní féidir linn ach aon deontas a thairgtear a íoc isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm na scoile/an ionaid.

## 1.5 Cad é a bhfuil do scoil/ionad ag déanamh iarratais air?

Is clár forbartha dhá bhliain é Scoileanna Ildánacha 2025.

I rith an chláir, forbraíonn scoileanna/ionaid rannpháirteacha Plean Scoileanna Ildánacha dá scoil/ionad, agus tosaíonn siad á chur i bhfeidhm.

### Cuirimid an pacáiste tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do scoileanna/ionaid rannpháirteacha:

- Deontas aonuaire ar luach €4,000 (san iomlán) chun a gcuid pleananna a chur chun feidhme sa dá scoilbhliain 2025–26 agus 2026–27.
- Comhlach Cruthaitheach a thugann comhairle agus tacaíocht dá scoil/ionad sannta ar feadh naoi lá ar a mhéad i ngach ceann den dá scoilbhliain.
- Oiliúint don mhúinteoir atá ainmnithe ag a scoil/ionad mar Chomhordaitheoir na Scoileanna Ildánacha. Íoctar clúdach ionadaíochta aon lá amháin in aghaidh na bliana in aghaidh na scoile chun a rannpháirtíocht a éascú. Tugann an oiliúint seo an deis freisin bualadh le scoileanna/ionaid rannpháirteacha eile agus le foireann na Scoileanna Ildánacha.
- Rannpháirteachas i bhFuadar Feabhra, ceiliúradh náisiúnta ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht.

## Cén ghníomhaíocht ar féidir leat an maoiniú a úsáid ina leith?

Tá an maoiniú le tacú le scoileanna/ionaid a bPlean Scoileanna Ildánacha a chur i bhfeidhm. Cinneann scoileanna/ionaid conas is mian leo an maoiniú a úsáid i gcomhairle lena gComhlach Cruthaitheach.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm agat na smaointe a ghineann tú a bhaint amach ó phlé agus ó theagmháil chruthaitheach leis an  bhfoireann, le leanaí agus le daoine óga, le teaghlaigh, agus leis an bpobal i gcoitinne. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Modhanna cruthaitheacha chun beartais agus pleananna ealaíon agus cruthaitheachta a fhorbairt
- Oibriú le healaíontóirí agus/nó le cleachtóirí cruthaitheacha
- Bealaí cruthaitheacha a fhiosrú chun teagasc agus chun foghlaim
- Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht
- An chruthaitheacht i seachadadh curaclaim a fheabhsú thar ábhair éagsúla
- Na healaíona agus an chruthaitheacht a nascadh le táscairí folláine
- Plé le heagraíochtaí ealaíon agus cruthaitheacha áitiúla
- Deiseanna ceardlainne, taispeántais nó taibhithe a sholáthar do leanaí/daoine óga
- Cuairt a thabhairt ar ghailearaithe, amharclanna, láithreáin oidhreachta, pictiúrlanna, iarsmalanna, leabharlanna agus ar ionaid ealaíon áitiúla.

## Cén uair is féidir leat tosú ag caitheamh an mhaoinithe?

Ba cheart do scoileanna/ionaid fanacht go dtí go mbeidh deis ag a gComhlach Cruthaitheach oibriú le pobal na scoile sula dtosaíonn siad ag caitheamh a gcuid maoinithe. Cumasaíonn an próiseas comhairliúcháin agus pleanála cruthaitheach leis an gComhlach Cruthaitheach le raon leathan tuairimí a áireamh. Tacaíonn sé le pobal na scoile smaointe agus deiseanna cruthaitheacha nua a ghiniúint. Bíonn tionchar ag an bpróiseas seo ar an gcaoi a n-úsáideann scoileanna/ionaid a gcuid maoinithe.

## Nóta maidir le pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí:

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon beartas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom d'ealaíontóirí gairmiúla. Is é *Luach Saothair don Ealaíontóir* an t-ainm atá air: https://www.artscouncil.ie/ga/Luach-Saothair-don-Eala%C3%ADontóir/

**Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

D'fhéadfadh scoileanna/ionaid a mbronntar maoiniú Scoileanna Ildánacha 2025 orthu a bheith incháilithe do mhaoiniú breise chun tacú le costais rochtana phearsanta do

dhaoine faoi mhíchumas.

Mar shampla, d'fhéadfá a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise le haghaidh costais a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- tacaíochtaí rochtana do dhaoine faoi mhíchumas chun bheith in ann plé le do Chomhlach Cruthaitheach dá mbeidís ag teastáil
- tacaíochtaí rochtana do dhaoine faoi mhíchumas chun oibriú le healaíontóirí faoi mhíchumas
- costais bhreise chun dul i gcomhairle agus plé le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise acu

D'fhéadfaí a áireamh i measc na gcostas sin Ateangaireacht TCÉ, oibrí tacaíochta rochtana, am breise, etc.

## 1.6 Cad iad na gealltanais a chaithfidh scoileanna/ionaid rannpháirteacha a dhéanamh?

Mar chuid dá rannpháirtíocht, ní mór do scoileanna/ionaid:

- Comhordaitheoir Scoileanna Ildánacha a ainmniú le bheith rannpháirtíocht sa tionscnamh. Ní mór go mbeadh an príomhoide nó múinteoir sin fostaithe sa scoil faoi láthair.
- Gealltanas a thabhairt go bhfreastalóidh do Chomhordaitheoir Scoileanna Ildánacha ar na himeachtaí oiliúna riachtanacha go léir agus go dtacaítear leis/léi déanamh amhlaidh. **Tabhair faoi deara:** íocfar ionadaíocht aon lá amháin do scoil/ionad in aghaidh na bliana ionas go mbeidh sé níos éasca do Chomhordaitheoirí Scoileanna Ildánacha freastal ar na cúrsaí oiliúna riachtanacha sin.
- A chinntiú go bhfuil am suntasach ag do Chomhordaitheoir Scoileanna Ildánacha oibriú le do Chomhlach Cruthaitheach sannta ar feadh thréimhse an tionscnaimh. **Tabhair faoi deara:** níl íocaíocht ionadaíochta ann do na gníomhaíochtaí leanúnacha sin.
- Pobal na scoile/an ionaid a shlógadh le páirt a ghlacadh i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha.
- A bheith tiomanta am agus acmhainní suntasacha a leithdháileadh le do Phlean Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Cuimsíonn sin leas a bhaint as am na foirne, na leanaí agus na ndaoine óga, na dteaghlach agus an bhoird bainistíochta, agus tacú leis an gComhordaitheoir Scoile sin a chur chun cinn.
- A bheith tiomanta chun a chinntiú go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga ina gné lárnach de rannpháirtíocht do scoile/ ionaid agus do Phlean Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas.
- Measúnú agus tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle Ealaíon ar do thaithí ar an tionscnamh chun na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt ionas go mbeidh siad mar bhonn eolais ag ár bpleanáil agus ag tuilleadh forbartha beartais sa réimse seo.
- Comhoibriú le taighde agus measúnú.

### Dearbhú Cáilíochta um Chosaint agus Leas Leanaí

Má bhronnaimid maoiniú ar do scoil/ionad, iarrfar ort Féin-iniúchadh i gcomhair Dearbhú Cáilíochta de chuid na Comhairle Ealaíon i dtaca le Cosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú sular féidir leat do mhaoiniú a tharraingt anuas.

Téigh chuig www.tusla.ie le tuilleadh faisnéise a fháil faoi *Thús Áite do Leanaí* a fháil. *Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

## 2. D'iarratas a dhéanamh

### 2.1 Cláraigh le córas Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór iarratais ar Scoileanna Ildánacha a dhéanamh trí chóras iarratais Seirbhísí Ar Líne (OLS) na Comhairle Ealaíon. Ní féidir linn glacadh le hiarratais a dhéantar ar bhealach ar bith eile – e.g. sa phost, ar facs nó ar ríomhphost.

Má tá cuntas OLS ag do scoil/ionad cheana féin, ní gá duit clárú arís. Ba cheart duit d'Uimhir Thagartha Ealaíon (ARN) atá ann cheana a úsáid chun iarratas a dhéanamh.

Mura bhfuil cuntas OLS ag do scoil/ionad, cláraigh ceann anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.
Déan cinnte do scoil/ionad a chlárú mar 'eagraíocht/grúpa' seachas mar 'dhuine aonair'. Bain úsáid as ainm do scoile/ionaid a úsáidtear ar an gcuntas bainc agus na sonraí cánach. Ní féidir linn ach aon deontas a thairgtear a íoc isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm na scoile/an ionaid.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfaimid Uimhir Thagartha Ealaíontóra uathúil (ARN) agus pasfhocal chugat. Is féidir leat iad seo a úsáid chun síniú isteach i gcuntas do scoile/ionaid ar chóras Seirbhísí Ar Líne (OLS) na Comhairle Ealaíon chun rochtain a fháil ar an bhfoirm iarratais.

#### Riachtanais teicniúla maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

**Tabhair faoi deara:** caithfidh tú ríomhaire nó ríomhaire glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| PC | • Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |
| Mac | • Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

**Tabhair faoi deara:** beidh ort Microsoft Word (Deisce) nó OpenOffice Writer a bheith suiteáilte ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: https://www.openoffice.org.

#### Úsáideoirí OpenOffice

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi OpenOffice a úsáid chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú san fhíseán seo. *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo

Más úsáideoir OpenOffice thú, **ní mór duit** leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an

chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

### Nótaí tábhachtacha d’úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20 soic, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an bhfadhb leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac. Má tá Mac agat leis an gcóras oibriúcháin Mac OS Mojave (10.14) nó níos luaithe, d'fhéadfadh an suíomh gréasáin OpenOffice a insint duit gur gá duit leagan 4.1.1 nó 4.1.2 a íoslódáil. Déan neamhaird den mholadh seo agus íoslódáil 4.0.1 ina ionad sin.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

### Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit am a ghlacadh chun eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí Ar Líne i bhfad roimh spriocdháta an iarratais. Chomh maith leis sin, tabhair neart ama duit féin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú.

Is minic a bhíonn trácht trom ar shuíomh na Seirbhísí Ar Líne tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d’iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D’fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála.

### Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200/01 6180243.

Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Déan cinnte go dtugann tú uimhir ghutháin dúinn agus go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb’fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis a 2.00 p.m. ar lá an spriocdháta.

## 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Íoslódáil an fhoirm iarratais do Scoileanna Ildánacha ó do chuntas Seirbhísí Ar Líne. Is cáipéis í an fhoirm iarratais atá comhoiriúnach le Microsoft Word (Deisce)/OpenOffice Writer, agus comhlánóidh tú í as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

## Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir leis na cúiseanna ar cheart do scoil/ionad a roghnú chun páirt a ghlacadh i Scoileanna Ildánacha, déan machnamh cúramach ar an méid a chuirfear sna codanna seo a leanas den fhoirm iarratais:

D'fhéadfadh láidreachtaí reatha do scoile/ionaid a bheith san áireamh i ngach cuid, mar aon le réimsí le haghaidh forbairt ionchasach.

| | |
|---|---|
| 2.1 Réasúnaíocht don iarratas | Déan achoimre, suas le trí phointe gairide, ar na cúiseanna ar mhaith le do scoil/ionad páirt a ghlacadh sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha.<br>**Tabhair faoi deara: níl** an cheist seo á scóráil.<br>Má éiríonn le d'iarratas, d'fhéadfaimis an achoimre sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon, ar shuíomhanna gréasáin ár gcomhpháirtithe, agus in ábhar foilsithe a bhaineann le Scoileanna Ildánacha. Ar an gcúis sin, ba cheart duit a bhreith chun cuimhne go bhféadfadh níos mó daoine ná na measúnóirí an méid a scríobhann tú anseo a léamh. |
| 2.2 An tairbhe don fhoghlaim agus don fhorbairt | Ba cheart go gcabhródh an méid a scríobhann tú anseo le foireann measúnaithe Scoileanna Ildánacha tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuirfidh do rannpháirtíocht i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha le foghlaim agus le forbairt do scoile/ionaid sna healaíona agus sa chruthaitheacht.<br><br>Ba cheart go mbeadh sonraí ann faoin gcaoi a bhfuil súil agat na healaíona agus an chruthaitheacht a fhorbairt i do scoil/ionad ó do thúsphointe reatha, faoin gcaoi a mbaineann sé seo le teagasc agus foghlaim, agus faoin gcaoi a mbaineann sé le tosaíochtaí forbartha do scoile/ionaid.<br><br>D'fhéadfá faisnéis faoi na nithe seo a leanas a lua: dúshláin agus deiseanna i do scoil/ionad ar mhaith leat a chuimsiú; réimsí foghlama agus forbartha i do scoil/ionad a bhainfeadh an leas is mó as rannpháirtíocht ealaíne agus chruthaitheach; na torthaí a bhfuil súil agat a fheiceáil.<br><br>**Tabhair faoi deara**: **ná áirigh tograí le haghaidh tionscadal nó gníomhaíochtaí ar leith. Forbróidh tú iad seo mar chuid de do Phlean Scoileanna Ildánacha i gcomhairle le do Chomhlach Cruthaitheach.** |
| 2.3 Acmhainneacht don rannpháirtíocht | Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas ar an tslí ina dtacóidh do scoil/ionad le rannpháirtíocht uile-scoile i gcaitheamh bhur n-aistear Scoileanna Ildánacha, sa mhéid a scríobhann tú anseo.<br><br>Ba cheart duit eolas a chur san áireamh faoi conas a shlógfaidh tú do phobal scoile/ionaid le bheith rannpháirteach go hiomlán leis an tionscnamh. Ba cheart duit a mhíniú cén chaoi a bhfuil sé |

| | |
|---|---|
| | i gceist ag lucht bainistíochta na scoile/an ionaid am agus acmhainní a chur ar fáil chun do Phlean Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh air, agus an tslí ina dtacóidh siad le múinteoirí agus leis an bhfoireann a bheith rannpháirteach, go háirithe an tslí a dtacófar leis an gComhordaitheoir Scoile agus a ndéanfar éascaíocht ar a chuid oibre leis an gComhlach Cruthaitheach. |
| 2.4 Tuairim na leanaí agus na ndaoine óga | Sa chuid seo ba chóir duit cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcinnteoidh tú go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga i gcroílár do chuid oibre mar Scoil Ildánach. Ba cheart duit cur síos a dhéanamh ar conas is féidir é seo a bhaint amach ar bhealaí atá difriúil le nó a fheabhsaíonn modhanna/cleachtas reatha in úsáid i do scoil/ionad.<br><br>Cuir mionsonraí san áireamh faoi do thiomantas do phróisis a fhorbairt chun leanaí agus daoine óga a thabhairt isteach ar bhealach fiúntach i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht do Phlean Scoileanna Ildánacha. |
| 3 1. Cé mhéad atá á lorg agat ón gComhairle Ealaíon? | Cuireann Scoileanna Ildánacha 2025 deontas €4,000 glan ar fáil, agus tá an chuid seo den iarratas réamhlíonta leis an tsuim shocraithe sin. |

Tá na critéir mheasúnaithe foilsithe thíos in Aguisín **3.3 Critéir chun measúnú a dhéanamh ar iarratais**

## 2.3 D'iarratas a dhéanamh ar líne

Tá ceithre phríomhchéim ann agus d'iarratas á dhéanamh ar líne. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach é.

### 1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Téigh chuig suíomh gréasáin na Seirbhísí Ar Líne agus sínigh isteach le do ARN agus do phasfhocal.
Cliceáil ar an gcnaipe **Déan Iarratas** ar do leathanach baile. Lean na leideanna chun an clár maoinithe ar mian leat iarratas a dhéanamh air a roghnú.
Tabhair ainm tagartha uathúil do d'iarratas.
Íoslódáil an fhoirm iarratais chun í a líonadh isteach as líne.

### 2. Iarr méid an mhaoinithe

Sonraigh an méid maoinithe atá á iarraidh agat, is é sin €4,000.

### 3. Uaslódáil d'fhoirm iarratais

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais chomhlánaithe a uaslódáil.

Tabharfaidh an córas Seirbhísí Ar Líne leid duit ábhair thacaíochta a uaslódáil. Ní gá duit an treoir seo a leanúint toisc nach bhfuil **aon ábhair thacaíochta ann do Scoileanna Ildánacha**. Ní le déanamh agat ach d'fhoirm iarratais a uaslódáil.

### 4. Cuir d'iarratas isteach

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an fhoirm iarratais uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, ní bheidh tú in ann aon athruithe a dhéanamh air.

Gheobhaidh tú dhá ríomhphost. Gheobhaidh tú an chéad ríomhphost díreach tar éis dúinn d'iarratas a fháil. Tiocfaidh an dara ríomhphost cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus beidh d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachaidh tú i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura gheobhaidh tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

**Tabhair faoi deara:** má shábháil tú d'fhoirm iarratais mar chomhad **.docx,** agus má tá tú muiníneach go bhfuil d'fhoirm iarratais comhlánaithe i gceart agat (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach feiceann tú teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhad **.doc** agus í a uaslódáil arís.

# 3. **Aguisín:** Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

## 3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, déanann sí cinntí agus cuireann sí cinntí in iúl d'iarratasóirí de réir nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

## 3.2 An próiseas measúnaithe

Próiseálaimid na hiarratais go léir a fhaighimid mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 1 | Admhaímid an t-iarratas. |
| 2 | Seiceálaimid an bhfuil an t-iarratas incháilithe – téann gach iarratas incháilithe ar aghaidh ansin chuig céim an mheasúnaithe. |
| 3 | Déanann foireann na Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(í) agus/nó foireann na Comhairle Ealaíon na hiarratais incháilithe uile a mheasúnú agus a scóráil. |
| 4 | Déanann foireann na Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(í) agus/nó foireann na Comhairle Ealaíon athbhreithniú ar gach uile iarratas chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go léirítear raon leathan scoileanna/ionad agus réigiún ann, agus déanann siad moladh maidir leis na scoileanna/ionaid a n-éiríonn leo nó nach n-éiríonn leo. |
| 5 | Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann siad cinntí |
| 6 | Cuirimid na cinntí in iúl i scríbhinn d'iarratasóirí. |
| 7 | Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí. |

## 3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Aithnímid go dtosaíonn gach scoil/ionad ar an aistear cruthaitheachta seo ó thúsphointí éagsúla. Déanfaimid measúnú ar iarratais de réir na gcritéar seo thíos.

### 1. An tairbhe don fhoghlaim agus don fhorbairt (cuid 2.2 de d'iarratas)

- An chaoi a bhfuil súil ag an scoil/ionad na healaíona agus an chruthaitheacht a fhorbairt óna bpointe tosaigh reatha.
- Conas a thacóidh an rannpháirtíocht le teagasc agus le foghlaim sa scoil/ionad.
- Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí forbartha na scoile/an ionaid trína rannpháirtíocht sa tionscnamh.

### 2. Acmhainneacht don rannpháirtíocht (cuid 2.3 de d'iarratas)

- Tiomantas na scoile/an ionaid tacú le rannpháirtíocht uile-scoile i Scoileanna Ildánacha.
- Conas a shlógfar pobal na scoile/an ionaid chun a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tionscnamh.
- Toilteanas bhainistíocht na scoile/an ionaid am agus acmhainní oiriúnacha a shainaithint agus a leithdháileadh ar an tionscnamh.

- Conas a thacófar le baill foirne ábhartha páirt a ghlacadh sa tionscnamh mar chuid dá róil reatha.

### 3. Tuairimí leanaí agus daoine óga (cuid 2.4 de d'iarratas)

- Conas a chinnteoidh an scoil/ionad go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga i gcroílár a c(h)uid oibre mar Scoil Ildánach.
- Conas is féidir é sin a bhaint amach ar bhealaí atá difriúil ó na modhanna/cleachtais cinnteoireachta reatha atá in úsáid sa scoil/ionad, nó a chuireann feabhas orthu.
- Tiomantas na scoile/an ionaid do phróisis a fhorbairt ionas go mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht an Phlean Scoileanna Ildánacha.

### 4. Raon na scoileanna/na n-ionad

- Conas a léiríonn Scoileanna Ildánacha 2025 na cineálacha éagsúla scoileanna/ionad atá sainaitheanta ag an Roinn Oideachais.
- Conas a léiríonn Scoileanna Ildánacha 2025 scoileanna/ionaid atá sainaitheanta ag an Roinn Oideachais ar bhonn réigiúnach.

## 3.4 Próiseas scórála

Tá córas scórála ag an gComhairle Ealaíon le haghaidh iarratas na Scoileanna Ildánacha. Tá sé i gceist leis an gcóras seo soiléireacht a thabhairt d'iarratasóirí maidir leis an gcaoi a ndéanaimid meastóireacht ar a n-iarratas de réir na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a chomhlíonann iarratas gach critéar.

Breithníonn measúnóirí iarratais ag baint úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- An fhaisnéis a chuirtear ar fáil san iarratas
- A gcuid eolais ar chóras oideachais na hÉireann agus ar thírdhreach na n-ealaíon agus na foghlama cruthaithí i gcoitinne
- An comhthéacs iomaíoch ina ndéantar meastóireacht ar gach iarratas.

Scórálaimid gach iarratas incháilithe i gcoinne na gcéad trí chritéar measúnaithe ag úsáid na scór seo a leanas:

| Scór uimhriúil | Luach focal | Míniú |
|---|---|---|
| 0 | Ní chomhlíonann | Dar leis an measúnóir, níor chuir an t-iarratas aon fhianaise ar fáil agus ní chomhlíonann sé na critéir. |
| 1 | Poitéinseal chun casadh le | Dar leis an measúnóir, tá féidearthacht ag an iarratas ach ní chomhlíonann sé na critéir. |

| | | |
|---|---|---|
| | chéile | |
| **2** | Comhlíonann na critéir go sásúil | Dar leis an measúnóir, comhlíonann an t-iarratas gnéithe áirithe de na de na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas sásúil. |
| **3** | Comhlíonann na critéir go maith | Dar leis an measúnóir, comhlíonann an t-iarratas na critéir agus breathnaítear air mar iarratas maith. |
| **4** | Comhlíontar na critéir ar bhonn an-mhaith | Dar leis an measúnóir, comhlíonann an t-iarratas na critéir agus breathnaítear air mar iarratas an-mhaith. |
| **5** | Comhlíonann na critéir go sármhaith | Dar leis an measúnóir go gcomhlíontar na critéir leis an iarratas agus breathnaítear air mar iarratas sármhaith. |

Déantar na hiarratais a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne chritéir 1, 2 agus 3, ansin déantar iad a rangú go náisiúnta de réir scóir.

### Critéar 4: raon scoileanna/ionad

Ar aon dul le cuspóirí agus tosaíochtaí an tionscnaimh Scoileanna Ildánacha, déanaimid athbhreithniú náisiúnta ar na hiarratais lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar raon leathan scoileanna/ionad agus réigiún a mhéid agus is féidir.

Chun é seo a chinntiú, d'fhéadfaí go mbronnfar scór breise de 5 phointe i leith critéar 4 ar iarratais áirithe.
Ní féidir le hiarratas an scór breise seo a fháil ach uair amháin.

| | |
|---|---|
| **0** | Baineadh cothromaíocht amach maidir le raon na scoileanna/na n-ionad |
| **5** | Thacaigh an t-iarratas le cothromaíocht ó thaobh raon na scoileanna/na n-ionad |

Rangaítear na hiarratais ansin de réir a scóir.

Is é 20 as 20 an scór is fearr is féidir le scoil/ionad a fháil, agus na ceithre chritéar uile á gcur san áireamh.

Déanfar na iarratais uile a mholadh mar iarratas rathúil nó mírathúil bunaithe ar a scór deiridh.

## 3.5 An cruinniú cinnteoireachta

Déanann an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann sí cinntí.

### Dearbhú leasa

D’fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór d’fhoireann na Scoileanna Ildánacha, do chomhairleoir(í) na Comhairle Ealaíon agus/nó don fhoireann atá ag athbhreithniú/ag measúnú na n-iarratas agus ag déanamh cinntí coimhlint leasa a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith le hiarratas.

Féadann ‘coimhlint leasa’ a bheith ina ‘leas airgid’ nó ina ‘leas neamhairgid’ (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.).

Ní mór don duine an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh. I gcás go ndearbhaítear leas, ní fhaigheann an duine sin an t-iarratas a bhaineann leis an iarratas sin agus tá air nó uirthi an cruinniú a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú.

## 3.6 Toradh na n-iarratas

Cuirfimid gach iarratasóir ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais i scríbhinn roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2025.

Má éiríonn leis an iarratas, seolfaimid litir thairisceana chugat ina sonrófar an tacaíocht a chuirfear ar fáil lena n-áirítear an maoiniú mar aon le téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Tabharfar eolas ar conas na híocaíochtaí a fháil. Tar éis dóibh glacadh leis an tairiscint, déanfar scoileanna/ionaid a mheaitseáil le Comhlach Cruthaitheach. Tosóidh Comhlaigh Chruthaitheacha ag obair le scoileanna/ionaid i nDeireadh Fómhair/Samhain 2025.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Ní ráthaíonn incháilitheacht agus comhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin go n-éireoidh le d'iarratas. Mura n-éiríonn leis an iarratas, is féidir aiseolas a iarraidh ar fhoireann Scoileanna Ildánacha.

Forchoimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart an dámhachtain a thairiscint d'iarratasóirí nár éirigh leo ar dháta amach anseo.

### Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.